An Coimisiún Eorpach



# Dámhachtain na **Cathrach Rochtana** 2023

Samplaí de dhea-chleachtas i gcathracha an AE a dhéanamh níos inrochtana

#EUACCESSCITY

Social Europe

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Íomhá an chlúdaigh, © iStock.com/Johan Karlsson; Page 2, © Easy-to-read.eu; Page 3, © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; © BRO.vector/Shutterstock.com; © GoodStudio/Shutterstock.com; © Naumova Marina/Shutterstock.com; © Easy-to-read.eu; © 777 Bond vector/Shutterstock.com; Page 4, © KatyGr5/Shutterstock.com; © Image by Memed_Nurrohmad from Pixabay; © Naumova Marina/Shutterstock.com; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; Page 5, © GoodStudio/Shutterstock.com; © Natty_Blissful/Shutterstock.com; © GoodStudio/Shutterstock.com; © mentalmind/Shutterstock.com; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; Page 6, © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; © Peter Hermes Furian/Shutterstock.com; © Artishok/Shutterstock.com; Page 7, © Artishok/Shutterstock.com; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; © Image by Memed_Nurrohmad from Pixabay; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; Page 8, © Image by OpenClipart-Vectors from Pixabay; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; Page 9, © Easy-to-read.eu; © Image by Memed_Nurrohmad from Pixabay; © Image by Mohamed Hassan from Pixabay; Page 10, © European Union; © iStock.com/Johan Karlsson; © Lucy Left/Shutterstock.com; © Matej Kastelic/Shutterstock.com; © Creativika Graphics/stock.adobe.com; Page 12, © European Union; Page 15, © iStock.com/Johan Karlsson; Page 16 and 18, © Elin Brännström; Page 19, © Lucy Left/Shutterstock.com; Pages 20 and 21, © Bernardo Jordano de la Torre; Page 22, © Matej Kastelic/Shutterstock.com; Page 23, © Tatjana Čampelj; Page 24, © Ljubljana by Wheelchair; Page 25, Joseph Creamer; Pages 26 and 27, © Susana Fajardo Bautista; Page 28, © canadastock/Shutterstock.com; Pages 29 and 30 © Lukas Kapfer; Page 31, © BearFotos/Shutterstock.com; Page 32, © Sylvain Frappat, © Auriane-Poillet; Page 33, © Auriane-Poillet

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-01338-0 | doi:10.2767/898515 | KE-BL-23-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-01325-0 | doi:10.2767/01971 | KE-BL-23-001-GA-N |

# Clár na nÁbhar

Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2023 .... 2

Buaiteoirí Dhámhachtain na Cathrach Rochtana a Cheiliúradh .... 10

Réamhrá .... 12

Réamhrá .... 14

Buaiteoir – **Skellefteå** .... 15

An dara háit – **Córdoba** .... 19

An tríú duais – **Liúibleána** .... 22

Moladh speisialta do theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) – **Mérida** .... 25

Moladh speisialta maidir leis an timpeallacht thógtha – **Hamburg** .... 28

Moladh speisialta do chúrsaí iompair – **Grenoble** .... 31

Rannpháirtíocht i nDámhachtain na Cathrach Rochtana 2024 .... 34

# Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2023

## Leagan soléite

### Maidir linne

Is muide an **Coimisiún Eorpach.**

Molann an Coimisiún Eorpach dlíthe a d’fhéadfadh an Eoraip a fheabhsú.

I measc rudaí eile, oibrímid d’fhonn a chinntiú go bhfuil rudaí agus seirbhísí san Eoraip níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do gach duine.

Ionas go ndéantar é sin, oibrímid le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas san Eoraip, cosuil leis an **bhFhóram Eorpach maidir leis an Míchumas.**

Mar shampla, gach bliain oibrímid le chéile chun **Dámhachtain na Cathrach Rochtana** a eagrú.

## Céard Dámhachtain na Cathrach Rochtana?



Is duais é **Dámhachtain na Cathrach Rochtana** a bhronntar gach bliain ar chathracha a dhéanann tréaniarracht a bheith inrochtana.



Tá cathair inrochtana nuair is féidir le gach duine maireachtáil inti agus gach rud agus gach seirbhís sa chathair a úsáid gan fadhb ar bith.



Mar shampla, tá cathair inrochtana nuair is féidir le daoine an méid seo a leanas a dhéanamh gan stró:

- Taisteal chun na hoibre ar an mbus nó ar an meitreo;
- Meaisíní ticéad a úsáid chun ticéad a cheannach;



- Dul mórthimpeall na sráideanna nó isteach i bhfoirgnimh phoiblí cosúil le hospidéil agus hallaí baile;
- Eolas a fháil atá éasca le léamh agus éasca le tuiscint.

Tá sé seo tábhachtach do gach duine agus go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta.



Go minic ní bhíonn siad in ann rudaí cosúil le hiompar agus eolas a rochtain.

Mura bhfuil daoine in ann rudaí a rochtain, ní bheidh ar a gcumas páirt a ghlacadh sa phobal cosúil le gach duine eile.



Mar shampla, mura bhfuil rampaí i bhfoirgnimh, ní bheidh daoine i gcathaoireacha rothaí in ann dul isteach iontu.



Nó mura bhfuil eolas soléite, b’fhéidir nach mbeadh daoine faoi mhíchumas intleachta agus daoine eile in ann é a thuiscint.

Dá réir sin, is deis é Dámhachtain na Cathrach Rochtana do chathracha san Eoraip léargas a thabhairt ar an méid oibre atá déanta acu lena chinntiú go mbeidh siad inrochtana do gach duine.



Cuireadh tús le Dámhachtain na Cathrach Rochtana in 2010 chun an tábhacht a bheith inrochtana do gach duine a mheabhrú do chathracha.

## Cén chathair a bhuaigh Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2023?

Is é **Skellefteå** sa t**Sualainn** an chathair a bhuaigh Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2023.



Is ar Skellefteå a bronnadh Dámhachtain na Cathrach Rochtana de bhrí go bhfuil obair leanúnach á déanamh aige rudaí agus seirbhísí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do gach duine.

I measc rudaí eile in Skellefteå:



- Tá áiteanna súgartha, páirceanna agus sráideanna inrochtana agus is féidir le gach duine dul ó áit go háit gan fadhb.



- Faigheann daoine dalla eolas ar a dteileafóin maidir le rudaí dainséartha a d'fhéadfadh a bheith ar shráideanna ionas gur féidir leo dul ó áit go háit go sábháilte.



- Tá rampaí ar bhusanna, ionas gur féidir le daoine i gcathaoireacha rothaí iad a úsáid gan fadhbanna. Ar bhusanna, bíonn fógraí le cloisteáil ionas gur féidir le daoine atá dall eolas úsáideach faoina dturas a chloisteáil. Chomh maith leis sin, cuirtear scáileáin ar fáil ionas gur féidir le daoine atá bodhar an fhaisnéis seo a léamh ar na scáileáin.



- Sa chathair tairgtear cúrsaí oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas intleachta chun deis a thabhairt dóibh foghlaim conas teicneolaíocht a úsáid agus maireachtáil go neamhspleách.



Bronnadh 150 000 euro ar Skellefteå mar thoradh ar Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2023 a bhuachan.

Bronnadh an dara agus an tríú duais ar dhá chathair eile:

- Ba ar chathair **Córdoba** sa **Spáinn** a bronnadh an dara duais agus 120 000 euro.
- Ba ar chathair **Liúibleána** sa t**Slóivéin** a bronnadh an tríú duais agus 80 000 euro.



Bronnfar an chéad Dámhachtain na Cathrach Rochtana eile in 2024.

## Céard iad na cathracha a bhfuil cead acu páirt a ghlacadh sa chomórtas?

Ní féidir le gach cathair páirt a ghlacadh i nDámhachtain na Cathrach Rochtana. Ba cheart go mbeadh na saintréithe seo a leanas luaite le cathracha ar féidir leo páirt a ghlacadh i nDámhachtain na Cathrach Rochtana:



- Is tíortha iad atá páirteach san Aontas Eorpach. Is grúpa de 27 tír san Eoraip é an **tAontas Eorpach** a tháinig le chéile chun cúrsaí a fheabhsú do dhaoine.




- Tá breis is 50 000 duine ina gcónaí iontu. Má tá níos lú ná 2 chathair i dtír ina bhfuil an oiread sin daoine, is féidir le 2 chathair bheaga nó níos mó oibriú lena chéile. Más rud é go bhfuil níos mó ná 50 000 duine ar fad sna cathracha sin, is féidir leo páirt a ghlacadh i nDámhachtain na Cathrach Rochtana freisin.



- Ní féidir leis an gcathair a bhuaigh Dámhachtain na Cathrach Rochtana i mbliana iarratas a dhéanamh arís an bhliain seo chugainn.

## Conas is féidir le cathracha páirt a ghlacadh?




Is féidir le cathracha ar mian leo páirt a ghlacadh sa chéad Dámhachtain na Cathrach Rochtana eile iarratas a dhéanamh ar líne nuair a chuirtear tús leis an tréimhse iarratais. Ba cheart do dhaoine a bhfuil baint acu le rith na gcathracha seo agus a dhéanann cinntí tábhachtacha fúthu an fhoirm a chomhlánú ar an idirlíon.

Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh san fhoirm:



- An chúis a shíleann siad ba cheart dá gcathair Dámhachtain na Cathrach Rochtana a bhuachan;
- Samplaí a thabhairt agus a léiriú conas a chinnteoidh a gcathair go mbeidh rudaí inrochtana do gach duine;
- Cur síos a dhéanamh ar conas a leanfaidh siad leis an dea-obair amach anseo.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: www.ec.europa.eu/social/accesscityaward



Ansin, is gearr go bhfógrófar cathain a chuirfear tús leis an tréimhse iarratais. Nuair a chuirtear tús leis an tréimhse iarratais, is féidir le cathracha ar mian leo páirt a ghlacadh sa chéad Dámhachtain na Cathrach Rochtana eile an fhoirm a chomhlánú. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin áit a mbeidh an t-eolas cuí ar fáil!

## Conas a roghnaítear an buaiteoir?



I ndiaidh do chathracha iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain na Cathrach Rochtana, seiceálann roinnt grúpaí daoine a n-iarratais agus roghnaítear an buaiteoir.



I ngach tír, tá grúpa daoine a sheiceálann iarratais na gcathracha ón tír seo. Roghnaíonn siad suas le 3 chathair mar na samplaí is fearr ón tír seo.

Ansin seiceálann grúpa eile daoine san Eoraip na cathracha seo ar fad agus roghnaítear an chathair arb ionann í agus an sampla is fearr ar fad. Is í an chathair sin a bhuann Dámhachtain na Cathrach Rochtana don bhliain sin.

Tá daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta páirteach sna grúpaí seo. I measc daoine eile, seiceálann siad an bhfuil na háiseanna seo a leanas inrochtana sna cathracha:

- Foirgnimh agus sráideanna;
- Busanna agus meitreo;



- Meaisíní ticéad agus uathmheaisíní bainc;
- Suíomhanna gréasáin agus teicneolaíocht eile atá in úsáid ag daoine chun cumarsáid a dhéanamh;

- Eolas atá soléite agus éasca le tuiscint do gach duine.

Tuigeann siad cé hiad na cathracha is fearr a bhfuil ag éirí leo a chinntiú go bhfuil áiseanna inrochtana le haghaidh gach duine. Is í an chathair sin a bhuann Dámhachtain na Cathrach Rochtana.


## Cathain a bhfaighidh an buaiteoir a dhuais?



A deireadh 2023, eagrófar cruinniú mór sa Bhruiséil chun cearta daoine faoi mhíchumas a phlé. I rith an chruinnithe seo, fógrófar an chathair a bhfuil Dámhachtain na Cathrach Rochtana buaite aici le haghaidh 2024.

Tabharfaimid Dámhachtain na Cathrach Rochtana don chathair seo.

## Tuilleadh eolais




Má theastaíonn tuilleadh eolais uait is féidir leat ár suíomh gréasáin a sheiceáil anseo: www.ec.europa.eu/social/accesscityaward

Má tá aon cheist agat, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chugainn ag: secretariat@accesscityaward.eu.



**Ursula von der Leyen**
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

# Buaiteoirí Dhámhachtain na Cathrach Rochtana a Cheiliúradh

Ba cheart go mbeadh saol na cathrach inrochtana do gach duine. Chun cabhrú le gach duine againn páirt a ghlacadh i ngach gné den saol uirbeach, teastaíonn réitigh nua, éifeachtacha uainn, cosúil leis an méid atá á chur ar fáil ag cathracha a bhuaigh Dámhachtain. Is fianaise iad samplaí mar seo ar an gcumhacht comhtháthaithe a bhaineann lenár sochaí Eorpach.

## Buaiteoirí Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2023




**An Chéad Áit**

Skellefteå, an tSualainn



**An Dara hÁit**

Córdoba, an Spáinn



**An Tríú hÁit**

Liúibleána, an tSlóivéin

Moladh speisialta.
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Mérida, an Spáinn

Moladh speisialta.
An timpeallacht thógtha

Hamburg, an Ghearmáin

Moladh speisialta.
Iompar

Grenoble, an Fhrainc

# Iarbhuaiteoirí Dhámhachtain na Cathrach Rochtana

| Bliain | An Chéad Duais | An Dara Duais | An Tríú Duais | Moladh speisialta | Moladh speisialta | Moladh speisialta | Moladh speisialta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | Cathair Lucsamburg, Lucsamburg | Heilsincí, an Fhionlainn | Barcelona, an Spáinn | Porto, an Phortaingéil | Palma, an Spáinn | Lováin, an Bheilg | - |
| 2021 | Jönköping, an tSualainn | Bremerhaven, an Ghearmáin | Gdynia, an Pholainn | Poznań, an Pholainn | Komotini, an Ghréig | Flórans, an Iodáil | - |
| 2020 | Vársá, an Pholainn | Castellón de la Plana, an Spáinn | Skellefteå, an tSualainn | Evreux, an Fhrainc | Tartu, an Eastóin | Chania, an Ghréig | - |
| 2019 | Breda, an Ísiltír | Evreux, an Fhrainc | Gdynia, an Pholainn | Vigo, an Spáinn | Kaposvár, an Ungáir | Viborg, an Danmhairg | Monteverde, an Iodáil |
| 2018 | Lyon, an Fhrainc | Liúibleána, an tSlóivéin | Cathair Lucsamburg, Lucsamburg | Viborg, an Danmhairg | - | - | - |
| 2017 | Chester, an Ríocht Aontaithe | Rotterdam, an Ísiltír | Jūrmala, an Laitvia | Lugo, an Spáinn | Skellefteå, an tSualainn | Alessandria, an Iodáil | Funchal, an Phortaingéil |
| 2016 | Milan, an Iodáil | Wiesbaden, an Ghearmáin | Toulouse, an Fhrainc | Vaasa, an Fhionlainn | Kaposvár, an Ungáir | - | - |
| 2015 | Borås, an tSualainn | Heilsincí, an Fhionlainn | Liúibleána, an tSlóivéin | Arona, an Spáinn | Cathair Lucsamburg, Lucsamburg | Logroño, an Spáinn | Búdaipeist, an Ungáir |
| 2014 | Göteborg, an tSualainn | Grenoble, an Fhrainc | Poznań, an Pholainn | Béal Feirste, an Ríocht Aontaithe | Dresden, an Ghearmáin | Burgos, an Spáinn | Málaga, an Spáinn |

| Bliain | Buaiteoir | Sa dara háit | Sa dara háit | Sa dara háit | Moladh speisialta | Moladh speisialta | Moladh speisialta | Moladh speisialta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | Beirlín, an Ghearmáin | Nantes, an Fhrainc | Stócólm, an tSualainn | - | Gdynia, an Pholainn | Bilbao, an Spáinn | Pamplona, an Spáinn | Tamhlacht, Éire |
| 2012 | Salzburg, an Ostair | Krakow, an Pholainn | Marburg, an Ghearmáin | Santander, an Spáinn | Terrassa, an Spáinn | Liúibleána, an tSlóivéin | Olomouc, an tSeicia | Grenoble, an Fhrainc |
| 2011 | Ávila, an Spáinn | Barcelona, an Spáinn | Cologne, an Ghearmáin | Turku, an Fhionlainn | Barnsley, an Ríocht Aontaithe | Baile Átha Cliath, Éire | Grenoble, an Fhrainc | Malmö, an tSualainn |



Helena Dalli
An Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas

# Réamhrá

**Tacaíonn inrochtaineacht le cearta, neamhspleáchas, comhionannas, maireachtáil neamhspleách agus saoirse.**

Is réamhchoinníoll é inrochtaineacht don 87 milliún duine faoi mhíchumas san Eoraip mar aon leo siúd atá faoi mhíchumas luaineachta ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol.

**Cúis áthais dom bróisiúr Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2023 a chur in bhur láthair, deis ceiliúradh a dhéanamh ar dhea-chleachtais bhuaiteoirí na bliana, agus deis níos mó cathracha Eorpacha a spreagadh chun gnímh chun timpeallacht saor ó bhacainní a sholáthar do gach duine.**

Tá míchumas de chineál éigin ag duine amháin as gach ceathrar aosach Eorpach, tá breis is an cúigiú cuid de dhaonra na hEorpa os cionn 65 bliain d'aois, agus tá thart ar 75 % de phobal na hEorpa ina gcónaí i gcathracha. Tá tábhacht ag baint le hinrochtaineacht cathracha de bhrí go dtéann sí chun tairbhe gach duine agus go dtacaíonn sí le timpeallachtaí bríomhara agus ionchuimsitheacha a fhorbairt. Trí bhéim ar leith a leagan ar inrochtaineacht, is féidir le cathracha a léiriú go bhfuil siad tiomanta do réitigh éifeachtacha a chur chun feidhme a bheidh mar bhonn le saol daoine a fheabhsú.

Le deich mbliana anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas Eorpach chomh fada is a bhaineann le cúrsaí inrochtaineachta. Ach fós féin, tá na milliúin duine faoi mhíchumas ag déileáil le hidirdhealú agus bacainní struchtúrtha gach lá dá saol – nuair a bhíonn iarracht á déanamh acu faisnéis, foirgnimh, an timpeallacht uirbeach agus iompar a rochtain mar shampla.

Sin an chúis go bhfuil ról lárnach ag inrochtaineacht i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, agus ní mór dúinn a chinntiú go leantar le tús áite a thabhairt d'inrochtaineacht ag gach leibhéal, lena n-áirítear sna Ballstáit.

Trí Dhámhachtain na Cathrach Rochtana, tugann an Coimisiún Eorpach aitheantas do thiomantas cathracha ar fud an AE déileáil le bacainní agus inrochtaineacht a dhearadh agus a sholáthar. Tá na hiarrachtaí atá á ndéanamh agaibh ag cabhrú le hAontas an Chomhionannais a fhorbairt.

Tréaslaím le cathair Skellefteå ar bronnadh an chéad duais uirthi i nDámhachtain na Cathrach Rochtana 2023. Is fianaise é do chóras láidir faireacháin agus meastóireachta, an tacaíocht airgeadais atá á cur ar fáil d'eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus an bhéim atá á leagan ar TFC inrochtana ar do thiomantas leanúnach d'inrochtaineacht.

# Réamhrá

Tugann Dámhachtain na Cathrach Rochtana aitheantas do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag cathracha Eorpacha a bheith níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Is deis atá sa Dámhachtain do chathracha léargas a thabhairt ar conas is féidir leo eispéiris a saoránach a athrú ó bhonn trí dheireadh a chur le bacainní agus feidhmiú mar eiseamláir dea-chleachtais ar cheart do chathracha eile aird a thabhairt uirthi.

Ceadaíonn cathracha inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas a ngnóthaí laethúla a dhéanamh gan déileáil le bacainní, ar bhonn cothrom, cosúil le gach duine eile. Is féidir inrochtaineacht a chur i bhfeidhm in go leor réimsí éagsúla a bhfuil tionchar acu ar shaol na cathrach – iompar poiblí agus bonneagar agus riarachán, áiseanna caithimh aimsire agus seirbhísí gréasáin. Bíonn sé níos éasca ag daoine atá faoi luaineacht theoranta, cosúil le daoine scothaosta, daoine le leanaí i naíchóistí, daoine faoi mhíchumas sealadach, a mbealach a dhéanamh thart ar chathracha inrochtana.

Tá cead ag gach cathair a bhfuil níos mó ná 50 000 duine ina gcónaí inti iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain na Cathrach Rochtana. Déanann moltóirí náisiúnta meastóireacht ar gach iarrthóir ar dtús. Ansin déanann painéal moltóirí an AE de shaineolaithe inrochtaineachta measúnú ar an hiarratais ghearrliostaithe agus roghnaíonn sé an buaiteoir agus na cathracha a thagann sa dara háit.

Gach bliain, bronnann moltóirí an AE dámhachtain speisialta ar chathracha ar éirigh leo dul chun cinn iontach a dhéanamh i réimse sonrach. I mbliana, bhain na moltaí sonracha a roghnaigh na moltóirí le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, an timpeallacht thógtha agus iompar.



Buaiteoir

73,000 cónaitheoir

# Skellefteå

## An tSualainn

Cathair cois cósta i dtuaisceart na Sualainne é Skellefteå, cuid de chúige na Laplainne, rud a chiallaíonn go mbíonn dúshláin inrochtaineachta ar leith le sárú i rith an gheimhridh. Bronnadh an duais don tríú háit ar Skellefteå i nDámhachtain na Cathracha Rochtana in 2020 agus ó shin i leith lean an chathair ar aghaidh le tús áite a thabhairt d'inrochtaineacht agus le machnamh a dhéanamh ar conas a bhféadfaí an chathair a dhéanamh níos inrochtana trí thairbhe a bhaint as córas láidir faireacháin agus meastóireachta.

> Éiríonn go breá le hobair straitéiseach agus díograis agus béim a leagan ar na rudaí cearta. Cuireann sé ar chumas daoine a bheith gníomhach, tacaíonn sé le rannpháirtíocht agus cabhraíonn sé linn feidhmiú mar shochaí chomhionann níos láidre. Trí bheith ag obair le chéile, tá níos mó athruithe á ndéanamh againn d'fhonn a chinntiú go bhfuil Skellefteå níos ionchuimsithí, agus nach nglacfar ach le hinrochtaineacht iomlán amach anseo.

**Elin Brännström,** Comhordaitheoir Rannpháirtíochta Skellefteå

## Inrochtaineacht do gach duine, i ngach réimse

Tá straitéis chathrach Skellefteå maidir le hinrochtaineacht agus rannpháirtíocht, *Ett Skellefteå för alla 2015–2025* ('Skellefteå do gach duine 2015–2025'), á cur chun feidhme ag an leibhéal is airde ag an gComhairle Cathrach. Is é an aidhm fhoriomlán rannpháirtíocht iomlán ag gach leibhéal den tsochaí a chinntiú do gach duine. Dírítear ar thrí réimse ar leith chun é sin a dhéanamh: inrochtaineacht mhéadaithe, leibhéil feasachta níos airde, agus oideachas agus poist níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá tairbhe á baint ag Skellefteå as cur chuige córasach agus cuimsitheach maidir le hinrochtaineacht, lena n-áirítear i bpleananna tógála agus i bpróisis soláthair phoiblí, agus tríd an mbeartas cathrach maidir le spásanna poiblí inrochtana. Is é atá mar aidhm leis an mbeartas seo cur le comhleanúnachas na mbeart inrochtaineachta sa chathair i réimsí éagsúla, cosúil le trasrianta coisithe, conairí tadhlacha agus stadanna bus.

Anuas air sin, d'úsáid Skelleftea an maoiniú a fuair sé ó dhuais Dhámhachtain na Cathrach Rochtana a bronnadh air roimhe seo chun inrochtaineacht a fheabhsú tuilleadh. Is fianaise iad na bearta sonracha a cuireadh chun feidhme i rith an gheimhridh ar an tslí a bhfuil an chathair inrochtana do gach duine, i rith na bliana.



Ciallaíonn trasrianta sráide agus cosáin thadhlacha in Skellefteå go bhfuil an chathair níos sábháilte agus níos inrochtana

## Córas láidir d'fheabhas leanúnach

Buaicphointe ar leith de ghealltanas leanúnach na cathrach maidir le hinrochtaineacht é an córas faireacháin agus meastóireachta atá in úsáid in Skellefteå. Thug na moltóirí faoi deara nach bhfuil mórán cathracha ag baint tairbhe as faireachán agus meastóireacht agus chuir siad in iúl gur gné thábhachtach amach anseo é oibrithe riaracháin phoiblí a spreagadh chun tús áite a thabhairt d'inrochtaineacht.

## Maoiniú chun tacú le hionadaíocht níos fearr agus saoráidí agus seirbhísí inrochtana

Tá 850 eagraíocht sochaí shibhialta in Skellefteå, lena n-áirítear 30 eagraíocht ionadaíoch do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir le gach eagraíocht ballraíochta iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ón gcathair, agus tá maoiniú suntasach ar fáil d'eagraíochtaí ionadaíocha. Chomh maith leis sin, cuirtear fóirdheontais ar fáil d'eagraíochtaí arb é an aidhm atá acu a gcuid seirbhísí agus áiseanna a dhéanamh níos inrochtana.

## Feasacht foirne agus polaiteoirí a mhúscailt

Is é atá mar aidhm ag cathair Skellefteå eolas a bhailiú agus feasacht a mhúscailt trí chúrsa oideachais idirghníomhach nua, forbartha go háitiúil, bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ní mór do gach fostaí cathrach freastal ar an gcúrsa agus ghlac 62 polaiteoir ón gcathair páirt sa chúrsa i bhfómhar na bliana 2022.

## Tá ról lárnach ag áiseanna teicneolaíochta sa chathair i saol daoine faoi mhíchumas

D'oibrigh cathair Skellefteå agus ionadaithe daoine faoi mhíchumas leis an oifig turasóireachta, *Visit Skellefteå*, chun cóiríocht a dhéanamh níos inrochtana agus chun áiseanna a dhéanamh níos sofheicthe. Cuimsítear anseo fardal de na leibhéil inrochtaineachta in áitribh phoiblí, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na cathrach.

Tá áiteanna súgartha agus sráideanna poiblí in Skellefteå inrochtana, tá comharthaí faisnéis tadhlacha ar fáil agus tá talamh á théamh d'fhonn a chinntiú nach baol do dhaoine faoi mhíchumas agus do shaoránaigh eile sneachta agus leac oighir. Tá páirc lárnach na cathrach agus an ceantar cois abhann in aice láimhe feidhmiúil agus is áiteanna cruinnithe inrochtana iad a bhfuil cosáin thadhlacha le fáil iontu mar aon le suíocháin, ardaitheoir amuigh faoin aer agus roinnt léarscáileanna tadhlacha. Tá tailte ísle ar bhusanna i líonra Skellefteå ar féidir iad a ísliú chuig leibhéal an cholbha, rampaí, scáileáin téacs agus fógraí fuaime.


**Gné lárnach den rath atá ar an obair é an gealltanas atá tugtha ag polaiteoirí maidir le hinrochtaineacht agus ionchuimsiú gach uile chónaitheoir. Chomh maith leis sin, creidimid go láidir sa dearadh uilíoch agus sa tábhacht a bhaineann le rudaí a dhéanamh i gceart ón tús. Formhór an ama, bíonn rud a oibríonn do dhaoine faoi mhíchumas áisiúil do gach duine eile freisin. Is é an aidhm atá againn gan inrochtaineacht agus ionchuimsiú daoine a bhfuil cumas difriúil acu a scaradh óna chéile, ach na tuairimí seo a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht agus tionscadal atá ar siúl go leanúnach sa chathair.**

**Elin Brännström**, Comhordaitheoir Rannpháirtíochta Skellefteå

Tá aip réaltachta breisithe forbartha ag an Ionad Cultúrtha nua in Skellefteå, ar a dtugtar SARA, a chabhraíonn le daoine a mbealach a dhéanamh ó áit go háit. Áirítear anseo mapáil 3D, pleanáil bealaigh agus córas fónta do dhaoine faoi lagamharc, agus inrochtaineacht don phobal ar fad a chinntiú.

Chun guaiseanna féideartha do dhaoine faoi mhíchumas a laghdú, tá eolas le fáil ar leathanach gréasáin cathrach agus ó sheirbhís SMS do dhaoine faoi lagamhairc maidir le hoibreacha tógála atá á ndéanamh ar bhóithre in Skellefteå, mar aon le bacainní eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Chomh maith leis sin, tá roinn oiliúna bunaithe sa chathair a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas intleachta scrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar bhealaí oibre a d'fhéadfadh tacú leo saol níos neamhspleaíche a chaitheamh nuair is daoine fásta iad.

Ar an tslí seo, ní hamháin go soláthraíonn Skellefteå teicneolaíochtaí chun tacú le daoine faoi mhíchumas, roinneann sé eolas agus scileanna leo ionas gur féidir leo na teicneolaíochtaí sin a úsáid.




Úsáideann Ionad Cultúrtha Skellefteå aip réaltachta breisithe a chabhraíonn le daoine faoi lagamharc a mbealach a dhéanamh ó áit go háit



An dara háit

**322,071 cónaitheoir**

# Córdoba

## An Spáinn

Is é Córdoba ceann na cathracha is sine san Eoraip, agus is suite in iamhchríoch i measc na sléibhte atá sé agus i ngleann Guadalquivir. Tá tús áite á thabhairt ag an gcathair d'inrochtaineacht uilíoch agus tá béim ar leith á leagan ar thurasóireacht ionchuimsitheach agus ar chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha.

Tuigimid go bhfuil go leor le déanamh fós chun inrochtaineacht a chinntiú, ach is cinnte go bhfuil ár gcathair ag éirí níos fearr gach bliain. I ndeireadh na dála, tríd an gcúinne iontach seo den domhan a bhainistiú, tá cathair Córdoba freagrach as aire a thabhairt do gach saoránach agus cuairteoir, le nó gan míchumas. Táimid ag obair ar mhaithe le gach duine, agus fáiltímid roimh gach duine anseo i gcónaí.

**José María Bellido**, Méara Córdoba

## Oidhreacht chultúrtha ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint aisti

Is anseo atá an chúinne is sine is mó sa Spáinn agus an t-aon chathair ar domhan ina bhfuil ceithre láithreán a bhfuil cosaint UNESCO acu, agus tá an-tóir ag turasóirí ar Córdoba. Meallann Mosc-Ardeaglais Córdoba suas le 2 mhilliún cuairteoir gach bliain. Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm le gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag Tarmligin Ionchuimsitheachta agus Inrochtaineachta tacú le gníomhaíocht leanúnach agus chuimsitheach ar mhaithe le hinrochtaineacht a fheabhsú do thurasóirí a thugann cuairt ar an gcathair.

Gné lárnach de chlár imeachtaí cultúrtha Córdoba í an fhéile ar a dtugtar *Patios de Córdoba*, deis do lucht cónaithe na cathrach a gclóis a roinnt leis an bpobal. I rith na féile, suiteáiltear rampaí soghluaiste d'úsáideoirí cathaoireach rothaí nó daoine faoi mhíchumas luaineachta, agus cuirtear spásanna páirceála in áirithe do na daoine seo freisin.

Is é an Músaem Julio Romero de Torres in Córdoba an chéad mhúsaem sa Spáinn atá 100 % inrochtana, fianaise eile fós ar thiomantas straitéiseach na cathrach do chultúr ionchuimsitheach. Tá clos-lúb agus córais mhinicíochta raidió le fáil sa mhúsaem mar aon le pictiúir fhaoisimh (dealbha tadhlacha crochta ar an mballa) agus cur síos fuaime ar na taispeántais in 34 teanga agus i dteanga chomharthaíochta na Spáinne. Chomh maith leis sin, tá bealach inrochtana bunaithe a théann ó lár cheantar stairiúil na cathrach go dtí an músaem.

Tá oibreacha tógála ar siúl faoi láthair chun inrochtaineacht cathaoireach rothaí in Alcázar de los Reyes Cristianos ('Caisleán na Monarc Críostaí') a fheabhsú. Go dtí seo, bhí na hoibreacha mar bhonn le hinrochtaineacht an tséadchomhartha a fheabhsú 90 %.

Ar deireadh, cabhraíonn clár oiliúna speisialta, 355 uair foghlama ar fad, le gníomhairí turasóireachta poiblí agus príobháideacha tacú ar bhealach níos fearr le cuairteoirí faoi mhíchumas.



Suiteáiltear rampaí i limistéir chultúrtha agus chaithimh aimsire Córdoba chun inrochtaineacht do chathaoireacha rothaí a fheabhsú



Cabhraíonn cóid NaviLens le húsáideoirí faoi lagamharc líonra iompair phoiblí Córdoba a úsáid go neamhspleách

## Inrochtaineacht an ghréasáin iompair ar fad

Tá iompar poiblí ar fáil saor in aisce in Córdoba do chúntóirí pearsanta daoine faoi mhíchumas, agus tá bustiománaithe oilte chun oibriú leo. Cinntíonn aip speisialta a forbraíodh sa chathair gur féidir le daoine faoi mhíchumas luaineachta, spás páirceála braiteoirfheistithe a chur in áirithe go héasca roimh ré. Tá na stáisiúin traenach inrochtana freisin.

Tá maoiniú ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh in úsáid chun 220 stad bus in Córdoba a dhéanamh 100 % inrochtana, lena n-áirítear trí chóras NaviLens a shuiteáil. Cabhraíonn NaviLens le húsáideoirí faoi lagamharc a bheith níos neamhspleaíche. Tríd is tríd, tá an córas seo in úsáid ag 50 stad tacsaí in Córdoba cheana féin. Go dtí seo, rinneadh breis is 4 000 idirghníomhaíocht trí chóid NaviLens a úsáid atá suiteáilte ag 34 stad bus, agus tá breis is 1 200 idirghníomhaíocht déanta le cóid atá suiteáilte ag Músaem Julio Romero de Torres.

## Spásanna ionchuimsitheacha chun deis a thabhairt do dhaoine a bheith ag spraoi

In Córdoba úsáidtear pictreagraim chun cabhrú le leanaí faoi mhíchumas a bheith ag spraoi, agus soláthraítear troscán oiriúnaithe i limistéir chaithimh aimsire do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta.

Cabhraíonn picteagraim cosúil leis an gceann seo le leanaí faoi mhíchumas trealamh caithimh aimsire a thuiscint agus a úsáid le bheith ag spraoi





## An tríú duais

293,218 cónaitheoir

# Liúibleána

## An tSlóivéin

Is é Liúibleána, an phríomhchathair agus an chathair is mó sa tSlóivéin, croílár cultúrtha na tíre, agus tá oidhreacht stairiúil shaibhir ag an gcathair seo freisin. Bronnadh duaiseanna ar an gcathair seo mar chuid de Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2015 agus 2018. Ó shin i leith, tá obair mhór á déanamh d'fhonn a chinntiú go bhfuil an chathair níos inrochtana fós fiú, agus tá an bealach chun cinn á léiriú do chathracha eile sa tSlóivéin.

Is cathair é Liúibleána ina bhfuil daoine éagsúla ag maireachtáil taobh lena chéile in atmaisféar cóimheasa. Cruthaítear na coinníollacha a chabhraíonn le daoine saol iomlán ar ardchaighdeán a chaitheamh. Ceann na ceisteanna is tábhachtaí ar fad atá le cur san áireamh i gcónaí nuair a bhíonn an chathair á hathfhorbairt é inrochtaineacht. Má tá an chathair inrochtana do na grúpaí is leochailí, beidh an chathair inrochtana agus mealltach in intinn gach duine.

**Zoran Jankovićlin Brännström**, Méara Chathair Liúibleána



Tá múnla tadhlach de Chaisleán Liúibleána ar taispeáint sa chlós

## Eispéireas cultúrtha saibhir do gach cuairteoir

I gcroílár Liúibleána tá rochtain gan bhacainn ag cuairteoirí ar na sráideanna, cearnóga agus droichid os cionn abhainn Liúibleána. Tá 13 dhroichead coisithe tógtha nó athchóirithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad níos inrochtana. As measc na 13 leithreas poiblí saor in aisce, tá 10 gcinn inrochtana do gach duine.

Tá áiseanna bordála inrochtana saor in aisce do bháid abhainn le fáil ag Droichead Butchers' ('droichead grá' Liúibleána), agus is féidir cuairt a thabhairt ar Chaisleán Liúibleána i gcarr cábla inrochtana. Tá múnla tadhlach den chaisleán do dhaoine faoi lagamharc ar taispeáint sa chlós, rud a chiallaíonn go bhfuil sé níos éasca do dhaoine faoi lagamharc ailtireacht na cathrach a bhlaiseadh.

D'fhonn a chinntiú gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint as na limistéir ghlasa fhairsinge atá le fáil in Liúibleána, tá infheistíocht déanta i ngairdíní uirbeacha inrochtana sa chathair. Áirítear anseo breis is 3 000 binse a shuiteáil. Chomh maith leis sin, tá roinnt áiteanna súgartha poiblí uasghrádaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad níos inrochtana.

## Taisteal sábháilte ar fud na cathrach

I lár chathair Liúibleána, tá síneadh curtha le agus feabhas curtha ar limistéir atá ar fáil do choisithe agus do rothaithe amháin agus tá pábháil chothrom leagtha, tá marcanna talaimh tadhlacha curtha ar fáil, tá leibhéal na gcolbhaí íslithe agus tá rampaí curtha ar fáil. Tá comharthaí inchloiste le fáil ag breis is 80 % de na trasrianta coisithe agus tá 2 % de na spásanna páirceála curtha in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá feithiclí leictreacha saor in aisce, lena n-áirítear carranna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, ar fáil do shaoránaigh ar fud na cathrach. Tá urláir ísle i ngach bus cathrach, agus tá fógraí físeáin agus fuaime ar fáil i 96 % díobh. Chomh maith leis sin, is féidir le cónaitheoirí faoi mhíchumas agus a gcúntóirí pearsanta, agus daoine scothaosta freisin, taisteal ar iompar cathrach agus poiblí idirchathrach saor in aisce.

Is féidir le daoine faoi mhíchumas iompar poiblí i Liúibleána a úsáid go sábháilte a bhuíochas le bearta cosúil le cártaí aitheantais speisialta, ar féidir leo iad a úsáid chun cúnamh a lorg go tapa ó thiománaithe ar bhusanna na cathrach.


Tá feithiclí leictreacha saor in aisce, lena n-áirítear carranna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, ar fáil do shaoránaigh ar fud Liúibleána



## Aip mhóibíleach nuálach

Ó 2018, is féidir le cuairteoirí ar Liúibleána an aip mhóibíleach saor in aisce dar teideal '*Ljubljana by Wheelchair*' a íoslódáil chun teacht ar eolas d'úsáideoirí cathaoireach rothaí. Tá eolas le fáil ar an aip seo maidir le limistéir inrochtana sa chathair agus cabhraíonn sé le daoine faoi mhíchumas dul ó áit go háit.

Cabhraíonn réitigh dhigiteacha chliste (lena n-áirítear tairseach gréasáin inrochtana do Sheirbhís na dTionscnamh do Shaoránaigh) rochtain ar fhaisnéis a sholáthar, ar bhealach níos éasca agus níos tapa, mar aon le deiseanna rannpháirtíochta do gach duine.




Ar an aip mhóibíleach dar teideal 'Ljubljana by Wheelchair' soláthraítear eolas ábhartha agus cothrom le dáta maidir le hinrochtaineacht ar fud na cathrach

## Rannpháirtíocht ghníomhach daoine faoi mhíchumas

Le déanaí sheol cathair Liúibleána Plean Inrochtaineachta Straitéiseach a bhfuil gníomhaithe príobháideacha agus poiblí páirteach ann agus ina n-áirítear bearta soiléire a bhfuil sé mar aidhm leo an chathair a dhéanamh níos inrochtana faoi 2025.

Tugtar deis do dhaoine faoi mhíchumas baint dhíreach a bheith acu le ceapadh beartais sa chathair trí SOAKO agus SVSO, comhlachtaí comhairleacha méarachta. Páirteach in SOAKO tá daoine faoi mhíchumas, ionadaithe ó eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, ailtirí agus oifigí cathrach. Cuireann an comhlacht comhairleach tionscnaimh chun feidhme a bhfuil sé mar aidhm leo fáil réidh le bacainní ailtireachta agus cumarsáide do dhaoine faoi mhíchumas agus a leithéid de bhacainní a chosc. Chomh maith leis sin, molann sé réitigh phraiticiúla do chomhlachtaí ábhartha atá páirteach i gcóras riaracháin na cathrach.

Mar aon le ceapadh beartais, cuirtear daoine faoi mhíchumas san áireamh nuair a bhíonn beartais á gcur chun feidhme. Áirítear anseo réitigh inrochtana i spásanna poiblí a thástáil, cosúil le marcanna talaimh tadhlacha, turais thrialacha ar bhusanna na cathrach agus eolas soléite a léamh ar bhonn trialach. Ar an tslí seo, cinntítear gur comhpháirtithe luachmhara chomh fada is a bhaineann le cathair oscailte agus inrochtana do gach duine a chruthú iad daoine faoi mhíchumas.

Téann oibrithe ó chathair Liúibleána i gcomhairle go rialta le daoine faoi mhíchumas mar chuid den phróiseas cinnteoireachta, chun teacht ar thuiscint níos fearr ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí sonracha a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le comhtháthú, neamhspleáchas agus maireachtáil neamhspleách.



Moladh speisialta do theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

**60,000 cónaitheoir**

# Mérida

## An Spáinn

Is cathair stairiúil é Mérida in iardheisceart na Spáinne, agus fógraíodh gur Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO é in 1993 mar gheall ar a stair shaibhir Rómhánach. Tá sé mar aidhm ag pobal na cathrach tacú le rochtain a thabhairt do gach saoránach ar a shaibhreas cultúrtha ársa, reatha agus todhchaíoch, agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh d'fhonn a chinntiú gur cathair oiriúnach do gach duine atá inti.

> In Mérida, táimid ag obair ar thionscadal d'aistriú uirbeach agus sóisialta atá bunaithe ar rochtain uilíoch. Ionas gur féidir an méid sin a chinntiú, tuigimid gurb é an t-aon bhealach chun tacú leis an aistriú riachtanach a chinntiú go bhfuil trasnaíl idir gníomhaíochtaí agus beartais. Ní féidir linn ár gcuspóir a chomhlíonadh ach trí rochtain uilíoch agus múnla sóisialta: go mbeidh gach duine, gan eisceacht, ina ann a s(h)aoránacht a fheidhmiú.

**Antonio Rodríguez Osuna**, Méara Mérida




Is féidir le cuairteoirí a théann chomh fada le fothracha agus séadchomharthaí Mérida a gcuid teileafón a úsáid chun painéil idirghníomhacha a scanadh agus chun eolas closamhairc a rochtain

Tá obair á déanamh go leanúnach in Mérida chun tacú le rochtain uilíoch agus comhoibriú le heagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas a chomhdhlúthú. Go háirithe, tá úsáid bainte ag an gcathair as TFC chun imeachtaí cultúrtha agus láithreáin stairiúla a dhéanamh níos inrochtana.

## Úsáid nuálach a bhaint as TFC ag imeachtaí cultúrtha agus ag láithreáin stairiúla

Tá cathair Mérida bunaithe le fada an lá agus tá iarracht mhór á déanamh aici a hoidhreacht a chosaint ach a bheith níos inrochtana ag an am céanna. Tá béim ar leith leagtha ar inrochtaineacht a himeachtaí cultúrtha agus láithreán stairiúil a fheabhsú.

Ionas gur féidir stair spéisiúil Mérida a roinnt le níos mó daoine, tá painéil idirghníomhacha suiteáilte sa chathair taobh le fothracha agus séadchomharthaí.

Ag Féile *Stone and Music*, a reáchtáiltear gach bliain san Amharclann Rómhánach, úsáidtear málaí creathacha chun cabhrú le daoine atá faoi lagamharc taitneamh a bhaint as an gceol. Chomh maith leis sin, oibríonn Féile Idirnáisiúnta na hAmharclannaíochta Clasaicí Mérida le Plena inclusión (eagraíocht a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas intleachta nó forbarthach), ONCE (fondúireacht a thacaíonn le daoine atá faoi lagamharc), agus Audiosigno (seirbhísí inrochtaineachta céadfacha) chun seónna a dhéanamh níos inrochtana agus chun deis a thabhairt do gach duine tairbhe a bhaint as amharclannaíocht chlasaiceach.

Eagraítear ‘laethanta gan torann’ in Mérida ag Aonach na Nollag agus i rith Pharáid na dTrí Ríthe ag am Nollag. Ar na laethanta sin, castar as an ceol i rith uaireanta sonracha chun deis a thabhairt do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus íogaireachtaí céadfacha eile freastal ar imeachtaí ar a gcompord.

**Tá na daoine atá ina gcónaí inár gcathair muiníneach go n-éireoidh linn a saol a fheabhsú trí thacú le tionscadail dhomhanda ag leibhéal áitiúil agus chun feidhmiú mar chathair a bhfuil a hoidhreacht níos uilíche, níos inrochtana agus níos ionchuimsithí. Oidhreacht ar cuid í de shaol shaoránaigh Mérida agus gach duine a thugann cuairt ar an gcathair. Oidhreacht ar féidir le gach duine taitneamh agus tairbhe a bhaint aisti.**

**Antonio Rodríguez Osuna**, Méara Mérida

I rith shaoire an tsamhraidh agus na Nollag, is féidir le leanaí páirt a ghlacadh i gcampaí uirbeacha a chabhraíonn le hoidhreacht na cathrach a dhéanamh níos inrochtana. I rith na gcampaí seo tugtar cúnamh speisialaithe do leanaí chun cabhrú leo spóirt a imirt, freastal ar imeachtaí amharclainne agus ceoil, agus páirt a ghlacadh i dturais treoraithe. Tá an linn snámha phoiblí inrochtana anois ó tharla go bhfuil ardaitheoir suiteáilte, agus tá áiseanna inrochtana curtha ar fáil in go leor limistéar spraoi sa chathair.

## Ionadaíocht

Tá lúba ionduchtacha le fáil i bhfoirgnimh phoiblí in Mérida rud a chiallaíonn gur féidir le níos mó doaine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, fóraim agus imeachtaí sa chathair. Ó 2015, tá rannóg shonrach den rialtas curtha i leataobh le haghaidh cearta agus riachtanais daoine faoi mhíchumas. Tá beartais maidir le hinrochtaineacht bunaithe ar phlean ionchuimsitheachta. Scríobhadh an plean i gcomhpháirt le daoine faoi mhíchumas, a dteaghlaigh agus cumainn ionadaíocha. Mar chuid den obair, tiomsaíodh go leor eolais trí thástálacha, cruinnithe agus agallaimh. Ina dhiaidh sin, pléadh an plean agus tháinig baill an rialtais áitiúil ar chomhaontú. As an 101 beart atá sonraithe sa phlean ionchuimsitheachta, tá 50 bearta seolta cheana féin, agus tá €2.1 milliún infheistithe go dtí seo.



Cabhraíonn campaí uirbeacha ionchuimsitheacha le hoidhreacht Mérida a dhéanamh níos inrochtana do leanaí, lena n-áirítear trí thurais treoraithe



Moladh speisialta maidir leis an timpeallacht thógtha

1.9 milliún cónaitheoir

# Hamburg

## An Ghearmáin

Meallann an dara cathair is mó sa Ghearmáin, Hamburg, na milliúin turasóir gach bliain. Tá thart ar 2 500 droichead ag trasnú aibhneacha agus canálacha na cathrach, an chathair leis an líon is mó droichead san Eoraip. Tá daonra de thart ar 1.9 milliún in Hamburg, rud a chiallaíonn go bhfuil dreach na cathrach á fhorbairt go leanúnach ionas go mbeidh an chathair níos ionchuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo maireachtáil sa chathair.

Is ceart de chuid an duine é inrochtaineacht, agus is ceart tábhachtach é seo in intinn saoránach Hamburg agus na Gearmáine trí chéile. Nuair a bhíonn bacainní os comhair daoine, ní féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, agus bíonn tionchar aige sin ar a neamhspleáchas. Sa chomhthéacs sin, is gné bhunúsach de dhaonlathas é inrochtaineacht freisin. Tá sochaí nua-aimseartha, dírithe ar an todhchaí, dhaonlathach, saor ó bhacainní agus ionchuimsitheach, agus is sochaí mar sin atá ag teastáil uainn i Hamburg.

**Ulrike Kloiber**, Comhordaitheoir Seanaid um Chomhionannas do Dhaoine faoi Mhíchumas

## Inrochtaineacht bunaithe ar smaointe nuálacha

Tá béim shuntasach á leagan i gcathair Hamburg ar inrochtaineacht mar ghné den obair atá á déanamh maidir le tithíocht phríobháideach agus fóirdheonaithe ag an stát. Is é calafort Hamburg, ceann de na calafoirt is mó ar domhan, ceann de na príomhnithe is díol spéise sa chathair agus sampla iontach d'áit a mheallann turasóirí atá an-inrochtana. Chomh maith leis sin, in Hamburg forbraíodh coincheapa nuálacha cosúil le 'tacsaí na todhchaí' (*Zukunftstaxi*). Soláthraíonn an coincheap seo fóirdheontais d'oibriú tacsaithe saor ó astaíochtaí ar féidir leo úsáideoirí cathaoireach rothaí a iompar.



Is céim mhór chun cinn chomh fada is a bhaineann le hinrochtaineacht Hamburg é 'tacsaí na todhchaí'

## Rannpháirtíocht ghníomhach ar fud na cathrach

Tá tairbhe á baint ag Hamburg as cur chuige comhdhlúite a áirítear ann rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí comhordaithe idir earnálacha poiblí agus príobháideacha. Sampla amháin é Meitheal an Stáit do Dhaoine faoi Mhíchumas – cumann a bhfuil beagnach 70 eagraíocht daoine faoi mhíchumas páirteach ann. Tacaíonn an mheitheal le cearta daoine faoi mhíchumas atá ag déileáil leis na húdaráis agus leis na hinstitiúidí.

Ciallaíonn cur chuige ginearálta Hamburg go bhfuil neart dul chun cinn déanta ag an gcathair maidir le bheith níos inrochtana, idir tiománaithe tacsaí a oiliúint agus freastal ar chliaint faoi mhíchumas agus seirbhísí riaracháin phoiblí ar líne inrochtana a sholáthar.



Grúpa daoine a bhfuil grianghraf díobh á nglacadh fad is atá siad ag glacadh le dámhachtain i halla mór

## Conairí do dhaoine faoi mhíchumas

Tá sé mar aidhm ag Hamburg Institiúid d'Oideachas Ionchuimsitheach a bhunú ionas go mbeidh deis ag daoine atá faoi faoi mhíchumas intleachta a bheith ag teagasc in institiúidí ardoideachais. Chomh maith leis sin, tá a dhlí féin ag an gcathair, an tAcht um Chomhionannas Míchumais, a bhfuil sé mar aidhm leis, cosúil le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, maireachtáil neamhspleách agus rannpháirtíocht chomhionann daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a bhunú.



Moladh speisialta do chúrsaí iompair

160,000 cónaitheoir

# Grenoble

## An Fhrainc

Suite i lár na sléibhte in oirdheisceart na Fraince, tá Grenoble tiomanta do chúrsaí inrochtaineachta a fheabhsú le fada an lá. Bronnadh an dara duais ar an gcathair seo ag Dámhachtain na Cathrach Rochtana 2013 agus in 2020 bhronn cumann daoine faoi mhíchumas na Fraince, *APF France handicap*, dámhachtain dar teideal 'an chéad chathair inrochtana' ar Grenoble

Táimid ag iarraidh deis a thabhairt do gach duine páirt a ghlacadh i gcruthú ár gcathrach bunaithe ar an smaoineamh "ní féidir dada a dhéanamh dúinn, gan muid a chur san áireamh". Tá ár gcóras iompair phoiblí feistithe go maith – ba é ár gcóras tram an chéad seirbhís tram inrochtana ar domhan, agus anois táimid dírithe ar thithíocht inrochtana a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil.

**Luis Beltran-Lopez**, an Comhairleoir Cathrach atá freagrach as inrochtaineacht agus míchumas i bhfoireann na cathrach



Tá dul chun cinn iontach déanta ag Grenoble chomh fada is a bhaineann le hiompar poiblí a dhéanamh inrochtana

## Taisteal inrochtana ar fud na cathrach

Tá cur chuige cinnte ag cathair Grenoble maidir le hinrochtaineacht iompair. Tá busanna agus tramanna poiblí na cathrach inrochtana, agus faoi láthair tá obair á déanamh chun rothair oiriúnaithe a sholáthar.

## Feachtas speisialta múscailte feasachta

Mar chuid de Mhí Inrochtaineachta Grenoble reáchtáladh sraith imeachtaí a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht maidir le daoine faoi mhíchumas, a riachtanais agus dúshláin a mhúscailt. Chomh maith leis sin, eagraíonn an chathair turais allamuigh chun súil a chaitheamh ar an méid atá ag tarlú. Gach bliain, cuireann cathair Grenoble tuarascáil i dtoll a chéile maidir le staid inrochtaineachta struchtúr príobháideach agus poiblí agus cuirtear torthaí na tuarascála i láthair ag cruinniú de chuid Choimisiún Inrochtaineachta na Cathrach.



Ag cruinniú Choimisiún Inrochtaineachta na Cathrach pléitear an staid inrochtaineachta in Grenoble



Tá na saoráidí in Grenoble á bhfeabhsú ionas go mbeidh spóirt níos inrochtana

## Gnéithe eile den saol seachas cúrsaí iompair

Is é an aidhm atá le plean *Ad'Ap*, a bheidh ar siúl go dtí 2025, foirgnimh Grenoble cosúil le scoileanna, ionaid chultúrtha agus saoráidí spóirt a fheabhsú. Cuirfidh sé seo ar chumas na cathrach níos mó tionscadal spóirt a bhunú. Tá na rialacha á gcomhlíonadh ag níos mó ná 40 saoráid cheana féin.

## Ionadaíocht i gcinnteoireacht

Maoinithe ag buiséad chathair Grenoble, forbraítear tionscadail, caitheann na cónaitheoirí vóta, agus forbraítear tionscadail iomchuimsithe shóisialta nua. Áirítear ina measc cumainn a bhunú a thacaíonn le leanaí a bhfuil uathachas orthu atá i ndiaidh an scoil a fhágáil nó páirceanna spraoi ar a dtugtar 'páirceanna áisiúla' a chruthú. Tá sé beartaithe go mbeidh na páirceanna seo in úsáid ag leanaí atá nó nach bhfuil faoi mhíchumas, rud a thacaíonn le héagsúlacht ó aois óg.

# Rannpháirtíocht i nDámhachtain na Cathrach Rochtana 2024

**Is féidir leat cabhrú le saol daoine faoi mhíchumas a dhéanamh níos éasca. Déan iarratas anois ar Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2024.**

Tá Dámhachtain na Cathrach Inrochtana á heagrú ag an gCoimisiún Eorpach i dteannta leis an bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas. Tugann an Dámhachtain aitheantas don obair a dhéanann cathracha d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad níos inrochtana, go háirithe daoine faoi mhíchumas.

Is deis é rannpháirtíocht sa Dámhachtain aitheantas Eorpach a fháil agus deis ar leith athbhreithniú a dhéanamh ar do chathair anois. Chomh maith leis sin, ceadaíonn rannpháirtíocht duit eispéiris a roinnt le cathracha Eorpacha eile, agus cabhrú le cathair níos deise chun maireachtáil inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi a chruthú.

Bronntar duais airgid ar an cathracha buacacha:

- An Chéad Duais: €150 000
- An Dara Duais: €120 000
- An Tríú Duais: €80 000

## Is féidir le cathracha ina bhfuil níos mó ná 50 000 cónaitheoir iarratas a dhéanamh

Tarlaíonn an próiseas roghnúcháin in dhá chéim: réamhroghnúchán ag an leibhéal náisiúnta agus roghnúchán deiridh ag an leibhéal Eorpach. Roghnaíonn na **moltóirí náisiúnta** i ngach tír uasmhéid de thrí chathair as measc na n-iarrthóirí náisiúnta trí úsáid a bhaint as na critéir mheastóireachta atá á gcur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Déanann na **Moltóirí Eorpacha** measúnú ar

na hiarrthóirí réamhroghnaithe a dtugtar cead dóibh leanúint ar aghaidh go dtí an dara céim den chomórtas.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór gur údarás rialtais de chathair ina bhfuil breis is 50 000 cónaitheoir i gceann de Bhallstáit an AE thú. I mBallstáit ina bhfuil níos lú ná dhá chathair den sórt sin, is féidir le ceantair uirbeacha ina bhfuil dhá bhaile nó níos mó a bheith rannpháirteach freisin má tá daonra an dá bhaile i dteannta a chéile cothrom le níos mó ná 50 000 cónaitheoir.

De bhrí nach féidir leis an gcathair chéanna Dámhachtain na Cathrach Inrochtana a bhuachan dhá bhliain i ndiaidh a chéile, ní thugtar cuireadh don chathair bhuacach páirt a ghlacadh sa Dámhachtain arís go dtí 2024. Spreagann an Dámhachtain gach cathair eile, lena n-áirítear na cathracha a bhuann an dara agus an tríú duais agus na cathracha a dtugtar moladh speisialta dóibh, chun páirt a ghlacadh sa chomórtas arís.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit foirm iarratais ar líne a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh faoin spriocdháta. Nuair a chuirfear tús leis an tréimhse iarratais, foilseofar nóta teorach agus rialacha rannpháirtíochta chun cabhrú leat iarratas a dhéanamh.

Beidh an t-eolas seo ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an AE ar shuíomh gréasáin Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2024.

ec.europa.eu/social/accesscityaward2024

## An próiseas roghnúcháin agus na critéir

Breithneoidh na moltóirí na bearta atá curtha i gcrích agus na bearta atá pleanáilte sna réimsí seo a leanas:

- an timpeallacht thógtha agus spásanna poiblí.
- an bonneagar iompair agus gaolmhar.
- faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua.
- saoráidí agus seirbhísí poiblí.

Cuirfidh na moltóirí na sé chritéar seo a leanas san áireamh nuair a bheidh na hiarratais á meas:

- raon na ngníomhartha.
- úinéireacht, leibhéal gealltanais.
- tionchar.
- caighdeán agus inbhuanaitheacht torthaí.
- rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus comhpháirtithe ábhartha.
- nuálaíocht shóisialta.

Coinnigh súil ghéar ar ár suíomh gréasáin áit a mbeidh eolas le fáil faoi na critéir dheireanacha.

Fógrófar buaiteoir Dhámhachtain na Cathrach Rochtana 2024 ar an **1 Nollaig 2023**. Reáchtáiltear searmanas na nDámhachtainí mar chuid de chomhdháil bhliantúil a bhfuil sé mar aidhm léi Lá Eorpach na nDaoine faoi Mhíchumas (idir an 30 Samhain agus an 1 Nollaig 2023) a cheiliúradh.

## Déan teagmháil linn

Beidh Rúnaíocht Dhámhachtain na Cathrach Rochtana in ann cabhrú leat le d'iarratas a ullmhú. Má theastaíonn níos mó eolais uait, déan teagmháil le: secretariat@accesscityaward.eu.

## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,

— tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Tugann an Gradam don Chathair is Inrochtana bliantúil aitheantas do na hiarrachtaí a dhéanann cathracha Eorpacha a chinntiú go bhfuil siad níos inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas agus saoránaigh scothaosta. Déantar ceiliúradh sa bhróisiúr seo ar éachtaí bhuaiteoirí 2023, iad siúd a tháinig sa dara háit agus iad siúd a ndearnadh tagairt speisialta dóibh: Skellefteå (An t-Suain), Córdoba (An Spàinn), Ljubljana (Slòbhia), Mérida (An Spàinn), Hamburg (A' Ghearmailt) agus Grenoble (An Fhraing).). Tá céimeanna praiticiúla curtha i gcrích ag na cathracha i mbliana lena chinntiú go bhfuil spásanna poiblí, seirbhísí, iompar, foirgnimh, cultúr agus turasóireacht níos inrochtana.

Is féidir leat ár bhfoilseacháin a íoslódáil nó liostáil saor in aisce ag ec.europa.eu/social/publications

Más mian leat nuashonrúcháin rialta a fháil faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, cláraigh chun r-nuachtlitir saor in aisce Social Europe a fháil ag

ec.europa.eu/social/e-newsletter

Social Europe

EU_Social

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh